AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0054/2015**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Scéim Saoire Bhreoiteachta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na rialacháin agus nósanna imeachta maidir le saoire bhreoiteachta do chúntóirí riachtanais speisialta i bpost ceadaithe atá maoinithe ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas a chur i bhfeidhm.

Tugadh cumhacht don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an *Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) (Leasú)* 2013, rialacháin a dhéanamh a leagann amach mionsonraí sonracha do Scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí. Tá na rialacháin seo in IR 124 de 2014 agus i (Leasú) IR 384 2015 agus leagann siad amach na téarmaí le saoire bhreoiteachta a dheonú.

Tá na rialacháin agus nósanna imeachta le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2014. Sa leasú ar an Acht um Eagrú Am Oibre a tháinig in éifeacht ó 1 Lúnasa 2015 leagtar amach na sonraí a bhaineann le Saoire Bhliantúil/ Laethanta Saoire Poiblí.

Tagann an ciorclán seo in áit na gciorclán, meamram, rialacha agus rialachán roimhe seo maidir le saoire bhreoiteachta agus le saoire a eascraíonn mar thoradh ar ionsaí ag an obair do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta. Cinntigh, le do thoil, go soláthraítear cóipeanna den chiorclán seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go dtabharfar gach a bhfuil ann ar aird na gcúntóirí riachtanais speisialta ar fad atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Oideachas Foirne – Seirbhísí - Sosanna/Saoire – Saoire Bhreoiteachta.

Alfie Barrett,
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/SNA
1 Deireadh Fómhair 2015

Pádraig Maloney
An Rannóg Párolla
1 Deireadh Fómhair 2015

## Clár


**Sainmhínithe** ........ 3

**1. Réamhrá** ........ 5

**2. Teidlíocht ar Saoire Ghnáth-Thinnis** ........ 6

**3. Teidlíocht ar Saoire Tinneas Criticiúil** ........ 6

**4. Socruithe Idirlinne le Pá Breoiteachta Sínte a Bhronnadh in Imthosca Eisceachtúla.** ........ 6

**5. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)** ........ 7

**6. Teidlíocht ar Shaoire Bhreoiteachta Neamhíoctha** ........ 8

**7. Iarbhreithniú Déach** ........ 8

**8. Socruithe Idirthréimhseacha roimh Mheán Fómhair 2014 faoi théarmaí 33/2010** ........ 9

**9. Déileáil le tréimhsí roimhe Saoire Bhreoiteachta faoin Scéim Nua** ........ 9

**10. Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe** ........ 9

**11. Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe** ........ 10

**12. Fógra agus Taifeadadh maidir le Saoire Bhreoiteachta** ........ 11

**13. Ró-íocaíochtaí a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta** ........ 11

**14. Cúntóirí Riachtanais Speisialta a atreorú chuig an OHS** ........ 11

**15. Filleadh ar dhualgas** ........ 12

**16. Forálacha maidir le Tinneas a Bhaineann le Máithreachas** ........ 12

**17. Coigeartú Tuarastail** ........ 13

**18. Teidlíocht maidir le Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Phoiblí** ........ 13

**19. Stádas le linn Saoire** ........ 14

**20. Socruithe ÁSPC** ........ 14

**21. Scor de bharr drochshláinte** ........ 14

**22. Cúntóir Riachtanais Speisialta atá ar saoire neamhláithreachta ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána.** ........ 14

**23. Seoladh Comhfhreagrais** ........ 15

**24. Comhlíonadh** ........ 15

**25. Tuilleadh Eolais** ........ 15

**Aguisín A** ........ 16

**Aguisín B** ........ 19

**An Scéim Saoire bhreoiteachta do Chúntóirí Riachtanais Speisialta Cláraithe**

**Sainmhínithe**

Chun críche an lámhleabhair seo beidh leis na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh anseo mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt.

**Forálacha maidir le Tinneas Criticiúil** – Ciallaíonn sin go bhféadfadh sé go ndeonófaí saoire fhadaithe bhreoiteachta do chúntóir riachtanais speisialta a fhágtar éagumasach mar thoradh ar thinneas criticiúil nó ar mhórdhíobháil fhisiciúil in imthosca eisceachtúla.

**Iarbhreithniú Déach** – ciallaíonn sin chun críocha pá a ríomh, go ndéantar athbhreithniú i dtús báire ar thaifead saoire bhreoiteachta an chúntóra riachtanais speisialta thar thréimhse rollach cheithre bliana agus go ndéantar athbhreithniú ansin thar thréimhse rollach aon bhliain amháin.

**Fostóir –** ciallaíonn sin Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB) do ghairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht a tharmligean mar is cuí as nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo.

**Bliain Saoire –** ciallaíonn sin an tréimhse 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa gach bliain.

**An tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS) –** ciallaíonn sin soláthróirí comhairle leighis neamhspleách maidir le sláinte ceirde.

**Córas Éileamh ar Líne (OLCS)** – ciallaíonn sin an córas atá ag feidhmiú faoi láthair i mbunscoileanna, I meánscoileanna deonacha, i scoileanna pobail agus i scoileanna cuimsitheacha chun neamhláithreacht a thaifeadadh agus chun éilimh ar íocaíocht a chur isteach i ndáil le cúntóirí riachtanais speisialta ionaid.

**Gnáth-Thinneas** – ciallaíonn sin tinneas nach bhféachtar air mar thinneas criticiúil.

**Saoire Bhreoiteachta a Bhaineann le Toircheas** (SBT) - saoire bhreoiteacha a eascraíonn as Breoiteacht a bhaineann la Toircheas.

**SSBSP** - Scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí

**Scoil aitheanta** – ciallaíonn sin scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 10 den Acht Oideachais 1998.

**Scoilbhliain** – mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair ar 1 Meán Fómhair agus ag críochnú ar 31 Lúnasa.

**Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)** – ciallaíonn sin an luach saothair a fhéadfar a dheonú ar chúntóir riachtanais speisialta má tá deireadh tagtha lena t(h)eidlíocht ar shaoire bhreoiteachta íoctha.

**An Roinn** – ciallaíonn sin an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 1. Réamhrá

1.1 Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do chúntóirí riachtanais speisialta. Tá sé mar aidhm leis an straitéis seo sláinte cúntóirí riachtanais speisialta a chur chun cinn san áit oibre le fócas go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Tá an Straitéis Sláinte Ceirde comhdhéanta de Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus de Sheirbhís Sláinte Ceirde do chúntóirí riachtanais speisialta.

San áireamh sa tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe tá comhairleoireacht faoi rún ar shaincheisteanna ar nós sláinte, caidreamh, méala, strus, coimhlint, teagmhas criticiúil agus tráma. San áireamh sa tSeirbhís Sláinte Ceirde tá measúnú sláinte réamhfhostaíochta, atreorú maidir le neamhláithreacht bhreoiteachta, measúnú maidir le hinniúlacht liachta chun oibre agus measúnú ar scor de bharr drochshláinte.

Is féidir teacht ar eolas breise maidir le Seirbhísí Cúnaimh d'Fhostaithe agus Sláinte Ceirde ar leathanach Straitéis Sláinte Ceirde [Occupational Health Strategy] ar Láithreán Gréasán na Roinne.

1.2 Sainmhínítear tréimhse bhreoiteachta mar aon tréimhse ina bhfuil an cúntóir riachtanais speisialta neamhinniúil go liachta le tabhairt faoina c(h)uid dualgas beag beann ar cibé an bhfuil an scoil oscailte do ghnáthghnó nó nach bhfuil.

1.3 Féadfar saoire bhreoiteachta a dheonú ar chúntóir riachtanais speisialta nach bhfuil in ann a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

- mar gheall ar thinneas, díobháil nó

- Nuair atáthar as láthair chun críocha seirbhísí a bhaineann le sláinte a fháil (mar shampla Dochtúir/Fiaclóir) ar an gcoinníoll nárbh fhéidir coinní den sórt sin a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó de ghnáthlaethanta oibre.

1.4 Tá sé i gceist go soláthródh deonú saoire bhreoiteachta ar chúntóir riachtanais speisialta atá tinn deis leordhóthanach don chúntóir riachtanais speisialta sin a theacht chuige/chuici féin ón tinneas agus óna éifeachtaí ionas go mbeidh ar a cumas/ar a chumas filleadh go luath ar dhualgas gan an dóchúlacht a bheith ann go n-éireodh sí/sé tinn arís. Dá bhrí sin bheadh sé neamhréir le cuspóir sainráite na scéime seo páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht (m.sh. taisteal thar lear, fostaíocht bhrabúsach nó féinfhostaíocht) a bhféadfaí a mheas, i dtuairim an OHS, go gcuirfeadh sé bac ar an gcúntóir riachtanais speisialta a theacht chuige féin/chuici féin.

1.5 Ní mór cead an fhostóra a lorg sula dtéann an cúntóir riachtanais speisialta thar lear le linn dó/di a bheith ar saoire bhreoiteachta. Ní mór don fhostóir comhairle a lorg ón OHS roimh chinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar.

1.6 Déantar tréimhsí saoire bhreoiteachta a ríomh go cúlghabhálach agus áirítear iontu deireadh seachtaine, tréimhsí dúnta scoile agus laethanta nach mbíonn an cúntóir riachtanais speisialta le bheith i láthair de réir an tráthchláir (m.sh. daoine a roinneann post), a thiteann laistigh de thréimhsí neamhláithreachta.

1.7 Chun críocha scéim saoire bhreoiteachta íoctha cúntóirí riachtanais speisialta, áirítear

ar sheirbhís cáilitheach gach seirbhís SNA chomhiomlánaithe i mbunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus le ETBI-anna inar maoiníodh an tseirbhís ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

1.8 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht cúntóra riachtanais speisialta ar na forálacha saoire bhreoiteachta atá leagtha amach anseo sa chás go dtéann conradh in éag agus nach ndéantar athnuachan ar an gconradh sin.

**2. Teidlíocht ar Saoire Ghnáth-Thinnis**

2.1 Féadfar saoire bhreoiteachta íoctha a dheonú ar chúntóir riachtanais speisialta atá as láthair ó dhualgas mar gheall ar thinneas pearsanta nó díobháil phearsanta mar a leanas:

- Tréimhse uasta de 3 mhí (92 lá) le pá iomlán in aon bhliain amháin
- Ina dhiaidh sin, tréimhse uasta de 3 mhí (91 lá) ar leathphá
- Faoi réir ag tréimhse uasta de 6 mhí (183 lá) de shaoire bhreoiteachta íoctha i dtréimhse rollach cheithre bliana.

**3. Teidlíocht ar Saoire Tinneas Criticiúil**

Féach ar Chiorclán 0026/2018 “An Scéim Saoire Breoiteachta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta - Athruithe ar Fhorálacha do Thinneas Criticiúil (FTC) ón 31 Márta, 2018”

**4. Socruithe Idirlinne le Pá Breoiteachta Sínte a Bhronnadh in Imthosca Eisceachtúla.**

4.1 D'fhonn cúinse ina mbeadh a rochtain ar phá breoiteachta íoctha caite ag CRS de thoradh breoiteacht tromchúiseach a tharlaíonn sna 4 bliana seirbhíse roimh thionscnamh Scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS) tá socrú idirlinne tionscanta. Dá réir sin, is féidir pá breoiteachta sínte a bhronnadh i gcás asláithreacht reatha breoiteachta ina raibh breoiteacht thromchúiseach ag CRS a thosaíonn sa tréimhse seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014. Níl aon ghá go mbeadh baint ag an neamhláithreacht reatha, a thosaigh ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 2014, leis an mbreoiteacht thromchúiseach.

4.2 Mar nach raibh na Forálacha Tinneas Criticiúil atá imlínithe in Alt 3 (thuas) ann roimh 1 Meán Fómhair 2014, ní féidir aon tinneas/aon ghortú a tharla roimh an dáta seo a rangú mar thinneas criticiúil ar mhaithe le rochtain a fháil ar shaoire bhreoiteachta shínte.

Is féidir le fostóirí a lánrogha féin a úsáid áfach le pá breoiteachta sínte a bhronnadh faoi na Forálacha Tinneas Tromchúiseach mar is caoi, le haghaidh neamhláithreacht dheimhnithe a tharlaíonn tar éis 1 Meán Fómhair 2014 ar an mbonn go raibh tinneas tromchúiseach ag an múinteoir a shásaíonn na critéir seo a leanas:

a) gur thosaigh an tinneas tromchúiseach laistigh den tréimhse seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus
b) gur thosaigh sé laistigh de thréimhse 4 bliana roimh thosú na hasláitheachta reatha agus

c) go ndéantar atreorú chuig an OHS de réir Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha an OHS.

4.3 Táthar ag súil nach n-úsáidfear an socrú idirlinne seo ach i gcúinsí eisceachtúla. I gcásanna ina mbaintear úsáid as lánrogha na bainistíochta, beidh rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha fós faoi réir ag na huasteorannacha CIP a fhoráiltear i Scéim Saoire Bhreoiteachta Íoctha na Seirbhíse Poiblí.

4.4 Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil sé ar intinn acu athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin saoire bhreoiteachta. Dá réir sin, má bhronntar saoire bhreoiteachta shínte faoin socrú idirlinne seo, ní mór d'fhostóirí an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh agus a chur ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe:

- Dáta tosaithe an tinnis/ an ghortú reatha
- Dáta tosaithe an tinnis dheimhnithe roimhe seo

Cé nach bhfuil sé éigeantach nádúr an tinnis a lua ar theastas dochtúra, mura luaitear an fhaisnéis seo d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh faoi rochtain ar Fhorálacha Tinneas Tromchúiseach a dheonú.

## 5. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)

5.1 Sa chás go bhfuil deireadh tagtha leis an tréimhse iomchuí saoire bhreoiteachta, féadfar saoire bhreise le Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) a dheonú ar chúntóir riachtanais speisialta le tréimhse íosta seirbhíse 5 bliana (i bpost inphinsin ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha) ag deireadh na tréimhse saoire breoiteachta faoi réir ag coinníollacha áirithe. Déanfar TRR a ríomh:

- ar phá inphinsin, agus

- ar sheirbhís phá inphinsin a bhí fabhraithe san fhostaíocht ag an tráth ar tháinig deireadh le saoire bhreoiteachta íoctha, in éineacht leis na blianta a bheadh deonaithe sa chás go ndeonófaí scor de bharr drochshláinte.

Níor chóir an méid TRR a íoctar a thógáil mar léiriú cruinn ar an méid a d’fhéadfadh a bheith á fháil ag an gcomhalta ag am scoir mar go bhféadfadh na himthosca a bheith difriúil.

5.2 Ní hionann an tréimhse ina n-íoctar TRR agus tréimhse seirbhíse inphinsin.

5.3 Beidh deonú TRR coinníollach i gcónaí ar dhearbhú an OHS go bhfuil ionchas réasúnach téarnaimh ann as a leanfaidh filleadh ar an obair. Léireoidh an OHS ag céim atreoraithe 28 lá cibé an bhfuil ionchas réasúnach téarnaimh ann as a bhfillfidh an cúntóir riachtanais speisialta ar an obair. Sa chás go gcomhairlíonn an OHS nach bhfuil aon ionchas téarnaimh ann ina dtuairim as a leanfaidh filleadh ar an obair, ní mór don fhostóir an Roinn a chur ar an eolas láithreach agus gníomh a thógáil ar bhealach tráthúil de réir mar a mheasann sé/sí a bheith iomchuí lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta don chonradh fostaíochta a fhoirceannadh.

5.4 Ní sháróidh TRR 18 mhí (548 lá) i gcás gnáth-thinnis.

5.5 I gcás cúntóir riachtanais speisialta a mbeidh pá fadaithe breoiteachta deonaithe air/uirthi faoi na forálacha a bhaineann le tinneas criticiúil, féadfaidh sé/sí rochtain a fháil ar 12 mhí (365 lá) de TRR agus ina dhiaidh sin tréimhse eile de TRR nach

sáróidh 24 mí (730 lá). Tá an tréimhse bhreise sin de TRR faoi réir ag athbhreithniú ag an OHS gach sé mhí.

## 6. Teidlíocht ar Shaoire Bhreoiteachta Neamhíoctha

6.1 Ní mór do chúntóir riachtanais speisialta a bhfuil deireadh tagtha lena t(h)réimhse uasta de shaoire bhreoiteachta íoctha (agus nach bhfuil i dteideal TRR) agus atá fós neamhinniúil go liachta agus ar mian leis/léi a p(h)ost sa scoil/sa scéim a choinneáil, an fostóir a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige/aici leas a bhaint as tréimhse saoire bhreoiteachta neamhíoctha ina bhféadfaidh sé/sí filleadh ar dhualgas lena linn, má dheimhnítear go bhfuil sé/sí inniúil déanamh amhlaidh. De ghnáth ní sháróidh an tréimhse seo de shaoire bhreoiteachta neamhíoctha na teorainneacha TRR atá leagtha amach in alt 5.

6.2 Ní mór go mbeidh deireadh tagtha le tréimhse saoire bhreoiteachta íoctha cúntóir riachtanais speisialta sula bhféadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar shaoire bhreoiteachta neamhíoctha. Tá deonú saoire bhreoiteachta neamhíoctha faoi réir ag deimhniú liachta inghlactha a chur faoi bhráid an fhostóra ar bhonn rialta (tréimhse uasta de 3 mhí).

6.3 Ní mór d'fhostóirí comhairle a lorg ón OHS sula dtagann deireadh le saoire bhreoiteachta neamhíoctha, maidir le hionchas téarnaimh an chúntóra riachtanais speisialta as a leanfaidh filleadh ar an obair. Sa chás nach measfar go bhfillfear ar dhualgas, glacadh an fostóir gníomh ar bhealach tráthúil a mheasfaidh sé/sí a bheith iomchuí, lena n-áireofar ach nach mbeidh teoranta don chonradh fostaíochta a fhoirceannadh.

## 7. Iarbhreithniú Déach

7.1 Chun ráta cuí pá cúntóir riachtanais speisialta le linn neamhláithreachta mar thoradh ar thinneas nó ar dhíobháil a ríomh, beidh córas iarbhreithnithe déach ann mar a leanas:

**<u>Gnáth-thinneas</u>**

- Céim 1: Cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil rochtain ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar shaoire bhreoiteachta íoctha

Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an chúntóra riachtanais speisialta sa tréimhse 4 bliana ón dáta reatha neamhláithreachta. Sa chás nach bhfuil deireadh tagtha le 6 mhí (183 lá) de shaoire bhreoiteachta íoctha sa tréimhse 4 bliana, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: Cinneadh a dhéanamh cibé an mbeidh feidhm le pá iomlán, leathphá, nó TRR.

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déantar a thaifead/a taifead saoire bhreoiteachta sa tréimhse 1 bliana roimh dháta reatha na neamhláithreachta a athbhreithniú ansin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta dá réir a n-íocfar saoire bhreoiteachta. Sa chás nach bhfuil deireadh tagtha leis an teorainn tosaigh 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí go sroichtear an teorainn 3 mhí (92 lá). Ina dhiaidh sin, déanfar an méid a íocfar a ríomh

10 bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

**Tinneas Criticiúil**

- Céim 1: Cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil rochtain ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar shaoire bhreoiteachta íoctha

  Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an chúntóra riachtanais speisialta sa tréimhse 4 bliana ón dáta reatha neamhláithreachta. Sa chás nach bhfuil deireadh tagtha le 12 mhí (365 lá) de shaoire bhreoiteachta íoctha sa tréimhse 4 bliana, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: Cinneadh a dhéanamh cibé a mbeidh feidhm le pá iomlán, leathphá, nó TRR.

  Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déantar a thaifead/a taifead ar shaoire bhreoiteachta sa tréimhse 1 bliana roimh dháta reatha na neamhláithreachta a athbhreithniú ansin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta dá réir a n-íocfar saoire bhreoiteachta. Sa chás nach bhfuil deireadh tagtha leis an teorainn tosaigh 6 mhí (183 lá) ar phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí go sroichtear an teorainn 6 mhí (183 lá). Ina dhiaidh sin, déanfar an méid a íocfar a ríomh bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

7.2 Léiríonn na cásanna atá leagtha amach in Aguisín A conas a fheidhmeoidh an socrú maidir le hiarbhreithniú déach.

**8. Socruithe Idirthréimhseacha roimh Mheán Fómhair 2014 faoi théarmaí 33/2010**

8.1 Sa chás go bhfuil tús curtha le tréimhse saoire bhreoiteachta ag cúntóir riachtanais speisialta roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus go leanann an tsaoire bhreoiteachta ar aghaidh tar éis an dáta sin, leanfaidh sé/sí le leas a bhaint as na socruithe saoire breoiteachta roimh IR 124 de 2014 i leith na neamhláithreachta sin, m.sh. tréimhse uasta de shaoire bhreoiteachta íoctha suas go dtí 91 lá in aon tréimhse de 12 mhí seirbhíse. Tar éis filleadh ar dhualgas, déileálfar le haon neamhláithreacht saoire bhreoiteachta faoi théarmaí na scéime saoire bhreoiteachta mar atá leagtha amach sa chiorclán seo.

**9. Déileáil le tréimhsí roimhe Saoire Bhreoiteachta faoin Scéim Nua**

9.1 Déanfar athbhreithniú ar thaifid saoire bhreoiteachta thar thréimhse rollach 4 bliana. Ciallaíonn sin sa chás go bhfuil neamhláithreacht tinnis ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 2014 agus go bhfuil níos mó ná 183 lá de shaoire bhreoiteachta íoctha faighte i dtréimhse rollach 4 bliana, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúntóir riachtanais speisialta sin athrú láithreach go leathphá nó go TRR, de réir mar is cuí.

**10. Saoire Bhreoiteachta Fhéindeimhnithe**

10.1 Is ionann agus 7 an t-uaslíon de laethanta saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe atá ceadaithe in aon tréimhse rollach de 2 bhliain i ndiaidh a chéile de sheirbhís cúntóir riachtanais speisialta ag comhaireamh siar ón neamhláithreacht saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe is déanaí. Ní íocfar aon neamhláithreacht saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe a sháraíonn an t-uaslíon de 7 lá dá bhforáiltear faoin alt seo agus d'fhéadfadh sé go ndéileálfaí leis sin faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe.

10.2 D'fhéadfadh sé go dtarraingeofar siar nó go ndéanfaí athrú ar íocaíocht do shaoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe, tar éis próiseas cuí, i gcásanna ina dtarlaíonn neamhláithreacht go minic nó go dtógtar an t-uaslíon laethanta ar bhonn rialta bliain i ndiaidh bliana.

10.3 Ní bhainfidh cúntóir riachtanais speisialta leas as tréimhse saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe díreach tar éis a bheith ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe.

**11. Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe**

11.1 Sa chás go bhfuil cúntóir riachtanais speisialta as láthair ar shaoire bhreoiteachta leanúnach de níos mó ná 2 lá, ní mór deimhniú liachta a chur ar fáil don fhostóir. Má leanann neamhláithreacht bhreoiteachta ó Aoine go Luan, agus an dá lá sin san áireamh, ansin ní mór deimhniú liachta a chur ar fáil. Sa chás ina mainneoidh cúntóir riachtanais speisialta deimhniú liachta a chur ar fáil don fhostóir maidir leis an neamhláithreacht ar shaoire bhreoiteachta de réir na scéime, ba chóir don fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an gcúntóir riachtanais speisialta chun comhairle a chur uirthi/air má mhainníonn sé/sí deimhniú liachta riachtanach a chur isteach, go ndéanfaidh an fostóir tar éis próiseas cuí, taifeadadh ar an tsaoire mar thréimhse saoire bhreoiteachta nach raibh ceadaithe agus aistarraingeofar pá ón gcúntóir riachtanais speisialta go dtí go bhfillfear ar dhualgas nó go gcomhlíonfar an scéim agus d'fhéadfadh sé go ndéileálfaí leis sin faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe.

11.2 Le bheith inghlactha, ní mór go mbeidh deimhniú liachta:

- sínithe ag lia-chleachtóir atá cáilithe go cuí agus cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis (in Éirinn/ sa Ríocht Aontaithe) nó le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann. D'fhéadfadh sé go nglacfaí le deimhniú liachta ó lia-chleachtóir ó thar lear in imthosca eisceachtúla, sa chás go n-éiríonn cúntóir riachtanais speisialta breoite thar lear nó go bhfuil sé/sí ag fáil cóireáil liachta aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn. Ní mór comhairle a lorg ón OHS in imthosca den sórt sin.

- Tréimhse nach mó ná aon tseachtain amháin a chlúdach de ghnáth. D'fhéadfadh sé go gceadófaí, áfach, deimhniú do thréimhse suas go dtí aon mhí amháin de réir rogha an fhostóra.

- inniúlacht chun obair a dhéanamh nó a mhalairt a lua

11.3 Cé nach bhfuil sé éigeantach nádúr na breoiteachta a lua ar dheimhniú liachta, d'fhéadfadh sé má mhainnítear an t-eolas sin a chur san áireamh, go mbeadh deacrachtaí ann má táthar ag iarraidh neamhaird a dhéanamh den neamhláithreacht, m.sh. neamhaird a dhéanamh an scoil a bheith dúnta.

11.4 Ní mór d'fhostóirí rúndacht an eolais go léir a bhaineann le taifid saoire bhreoiteachta na gcúntóirí riachtanais speisialta aonair a chosaint agus baineann sé sin le deimhniú liachta go háirithe.

## 12. Fógra agus Taifeadadh maidir le Saoire Bhreoiteachta

12.1 Ní mór d'aon chúntóir riachtanais speisialta atá as láthair mar gheall ar thinneas fógra a thabhairt nó socruithe oiriúnacha a dhéanamh leis an bhfostóir a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Ba chóir don chúntóir riachtanais speisialta, nuair is féidir, achar na neamhláithreachta a d'fhéadfadh a bheith ann a léiriú.

12.2 Tabharfaidh an scoil fógra maidir le gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta don Roinn (tríd an OLCS)/ETB beag beann ar cibé ar fostaíodh nó nár fostaíodh cúntóir riachtanais speisialta ionaid. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta in iúl don Roinn/ETB ar bhealach tráthúil; má mhainnítear é sin a dhéanamh d'fhéadfadh ró-íocaíocht tuarastail leis an gcúntóir riachtanais speisialta a bheith mar thoradh air agus/nó aistarraingt clúdach ionaid do scoileanna.

12.3 Ceanglaítear ar fhostóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar phatrúin saoire bhreoiteachta.

12.4 Ba chóir don fhostóir ráiteas mionsonraithe maidir le gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta a sholáthar don chúntóir riachtanais speisialta arna iarraidh agus ba chóir tuarascáil amháin ar a laghad a sholáthar ar bhonn bliantúil. Tá an t-eolas sin ar fáil ar chóras an OLCS/ETB ábhartha.

## 13. Ró-íocaíochtaí a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta

13.1 Sa chás go n-eascraíonn ró-íocaíocht tuarastail, mar shampla, mar thoradh ar neamhláithreacht saoire brheoiteachta a chur isteach deireanach, déanfar aon ró-íocaíocht a ghnóthú ina iomláine ó íocaíocht tuarastail an chúntóra riachtanais speisialta go díreach tar éis fógra a thabhairt don OLCS/ETB.

## 14. Cúntóirí Riachtanais Speisialta a atreorú chuig an OHS

14.1 Tá sé de dhualgas ar an bhfostóir faoi Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 "sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chuid/a cuid fostaithe a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún". Tá an OHS i bhfeidhm chun cuidiú leis an bhfostóir an dualgas sin a dhéanamh. Mar sin ní mór don fhostóir an cúntóir riachtanais speisialta a atreorú chuig an OHS, chun críche measúnú neamhspleách, sa chás go bhfuil údar imní réasúnach ann maidir le cumas an chúntóra riachtanais speisialta tabhairt faoina c(h)uid dualgas ar bhealach atá sábháilte don chúntóir riachtanais speisialta agus do na daltaí araon. Is é Soláthróir an OHS, atá ar conradh ag an Roinn, an t-aon soláthróir aitheanta ó thaobh comhairle liachta neamhspleách do chúntóirí riachtanais speisialta agus d'fhostóirí. Tá sé mar cheangal leis an scéim saoire bhreoiteachta go gcloíonn gach rannpháirtí agus tairbhí de chuid na scéime sin le measúnú liachta an OHS.

14.2 Ba chóir don fhostóir, agus é/í ag déanamh an atreoraithe Lámhleabhar Gnáthnósanna Imeachta Oibríochta na Seirbhíse Sláinte Ceirde an OHS a leanúint.

14.3 Tá na critéir maidir le hatreorú cúntóirí riachtanais speisialta chuig an OHS mar a leanas:

- Neamhroghnach: aon chúntóir riachtanais speisialta ar saoire bhreoiteachta ag a bhfuil 4 seachtaine (28 lá) neamhláithreachta saoire bhreoiteachta leanúnach nó carnach i **dtréimhse rollach 12 mhí de sheirbhís** cúntóir riachtanais speisialta.

- Lánroghnach: Cúntóir riachtanais speisialta a bhfuil údar imní réasúnach ag an bhfostóir ina leith maidir lena n-inniúlacht liachta chun oibre.

14.4 Éilítear ar an gcúntóir riachtanais speisialta comhoibriú agus a bheith i dteagmháil leis an OHS. Cé nach bhfuil sé riachtanach freastal ar roinnt de na measúnuithe, is faoin OHS cinneadh a dhéanamh maidir leis na himthosca ina bhféadfadh sé gur gá don chúntóir riachtanais speisialta freastal ar mheasúnú liachta agus/nó socrú a dhéanamh maidir le tuarascáil chuimsitheach dochtúir-chuig-dochtúir a chur ar fáil don OHS (ó dhochtúir freastail an chúntóra riachtanais speisialta).

## 15. Filleadh ar dhualgas

15.1 Táthar ag súil go mbeidh cúntóir riachtanais speisialta inniúil go liachta le filleadh ar a chuid/a cuid dualgas iomlán tar éis tréimhse saoire bhreoiteachta ionas nach gciallódh filleadh ar dhualgas go dtiocfadh an tinneas ar ais arís.

15.2 Ní mór don chúntóir riachtanais speisialta a bhfuil sé ar intinn aige/aici filleadh ar dhualgas roimh an dáta atá sonraithe ar an deimhniú liachta, deimhniú liachta inniúlachta ón dochtúir freastail a sholáthar roimh an dáta fillte. Mura soláthraítear deimhniú den sórt sin, déanfar an tréimhse iomlán mar atá ar an deimhniú/deimhnithe liachta a chomhaireamh mar shaoire bhreoiteachta. Ní ghlacfar le deimhnithe liachta a chuirfear ar fáil ag tráth níos déanaí mar fhianaise ar inniúlacht chun filleadh ar dhualgas.

15.3 Ní mór don chúntóir riachtanais speisialta atá as láthair ar shaoire bhreoiteachta íoctha ar feadh 4 seachtaine leanúnacha nó níos mó, nó atá as láthair ar feadh aon tréimhse TRR/saoire bhreoiteachta neamhíoctha nó ar feadh tréimhse níos giorra sa chás go bhfuil foras imní réasúnach ag an bhfostóir, deimhniú inniúlachta liachta le haghaidh dualgais a sheoladh isteach roimh fhilleadh ar dhualgas. Ní mór don fhostóir deimhniú inniúlachta chun filleadh ar dhualgas a fháil ón OHS freisin.

15.4 Sa chás go bhfuil cúntóir riachtanais speisialta as láthair ar shaoire bhreoiteachta agus nár filleadh ar dhualgas ar feadh tréimhse réasúnach roimh nó tar éis tréimhse dúnta na scoile, measfar an cúntóir riachtanais speisialta a bheith ar saoire bhreoiteachta ar feadh an achair iomláin murar rud é:

- go gcuireann an cúntóir riachtanais speisialta deimhniú liachta maidir le hinniúlacht ar fáil chun filleadh ar dhualgas iomlán roimh nó le linn tréimhse dúnta na scoile agus

- go bhfuil comhairle an OHS faighte maidir le hinniúlacht an chúntóra riachtanais speisialta dualgas iomlán a chomhlíonadh agus cibé an bhféadfaí neamhaird a dhéanamh den tréimhse dúnta scoile nó aon chuid di agus

- go measann an OHS an tréimhse maidir le filleadh ar dhualgas a bheith réasúnach agus imthosca liachta na gcásanna aonair á dtógáil san áireamh.

## 16. Forálacha maidir le Tinneas a Bhaineann le Máithreachas

16.1 Leagan na Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014, IR 124 de 2014, mar atá leasithe le Rialacháin Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 384 de 2015) leagtar amach na forálacha a bhaineann leis an ngaolmhaireacht idir tinneas a bhaineann le toircheas agus na teorainneacha saoire bhreoiteachta.

16.2 Sa chás go bhfuil cúntóir riachtanais speisialta atá torrach neamhinniúil go liachta

chun oibre mar gheall ar thinneas a bhaineann le toircheas leanfaidh sí le saoire bhreoiteachta ar leathphá a fháil le linn na tréimhse tinnis a bhaineann le toircheas roimh dhul ar saoire mhái11threachais. Tarlaíonn sé sin beag beann ar cibé ar shroich nó nár shroich sí an t-uasteorainn ar leathphá mar gheall ar shaoire bhreoiteachta roimhe sin.

16.3 Déantar foráil mar a leanas sna rialacháin:

- Socrú idirlinne mar a ndéantar lascainiú ar gach PRSL roimh thúsú an PSSLS (1 Meán Fómhair 2014) le rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheimhniú faoin scéim reatha.
- Socrú leanúnach faoina gcuirtear saoire bhreoiteachta íoctha a tógadh sna 4 bliana roimhe sin a chur chun sochair ar leathphá faoi réir ag na
- teorainneacha foriomlána ar shaoire bhreoiteachta neamh-mháithreachais.

16.4 Tugtar léargas ar an gcaoi a fheidhmeoidh na socruithe seo sna cásanna atá in Aguisín B.

## 17. Coigeartú Tuarastail

17.1 I gcásanna ina mbeidh deireadh tagtha le tuarastal incriminteach roimh fhilleadh ar dhualgas, ní thabharfar ar ais an tuarastal ach amháin ón dáta a measann an OHS go bhfuil an cúntóir riachtanais speisialta inniúil le filleadh ar dhualgas iomlán. Tá sé sin coinníollach freisin ar an gcúntóir riachtanais speisialta filleadh ar dhualgas ar an gcéad lá is indéanta tar éis dheimhniú OHS.

17.2 Ní mór aon ghníomh ina mbíonn coigeartú ar thuarastal an chúntóra riachtanais speisialta riachtanach a chur in iúl don Roinn/ don Bhord Oideachais agus Oiliúna láithreach.

## 18. Teidlíocht maidir le Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Phoiblí

18.1 Tá fostaithe lánaimseartha i dteideal 20 lá saoire bhliantula go ginearálta. Tá fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta iomlán i dteideal saoire bhliantúil ar bhonn pro rata.

18.2 Tabharfar aghaidh ar aon teidlíocht maidir le laethanta saoire bhliantúla a tharlaíonn le linn a bheith ar shaoire mháithreachais sa tsaoire bhreise bhliantúil.

18.3 Ní mór na laethanta saoire bhliantúla sin a thógáil ar laethanta a bhfuil an scoil dúnta i rith na bliana saoire atá i gceist, m.sh. tar éis na tréimhse saoire bhreoiteachta. Beidh teidlíochtaí saoire bhliantúil le tógáil ag tráth lasmuigh den tréimhse saoire bhreoiteachta.

18.4 Nuair atáthar as láthair ar shaoire bhreoiteachta agus nuair nach bhfuil an scoil dúnta dóthain laethanta leis na teidlíochtaí saoire bhliantúil a thógáil, tá sé ceadaithe na laethanta atá riachtanach díreach tar éis na saoire breoiteachta sa bhliain chéanna a thógáil. Nó, ceadófar do chúntóirí riachtanais speisialta an t-iarmhéid a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad bhliain saoire eile ach ansin, ní mór dóibh na laethanta sin a thógáil ar laethanta iad a bhfuil an scoil dúnta.

18.5 D’fhéadfadh cúntóirí riachtanais speisialta a éiríonn as/a théann ar scor nó ar tháinig deireadh lena gcuid fostaíochta a bheith i dteideal íocaíocht bhreise in ionad a gcuid

saoire fabhraithe.

18.6 Ó 1 Lúnasa 2015, ag eascairt as Leasú ar an Acht um Eagrú Am Oibre 1997, tá feidhm leis na forálacha seo a leanas:

- Leanfaidh teidlíocht saoire bhliantúil ag fabhrú le linn tréimhse dheimhnithe saoire bhreoiteachta. Beifear i dteideal an tsaoire bhliantúil fhabhraithe sin a iompar ar aghaidh ar feadh suas le 15 mhí tar éis na bliana saoire atá i gceist.

- Ní mór leas a bhaint as an teidlíocht sin laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana saoire lena mbaineann sí.

- Féadfaidh cúntóirí riachtanais speisialta nach féidir leo a saoire bhliantúil a ghlacadh ag an am cuí mar gheall ar thinneas deimhnithe agus a chuireann deireadh lena bhfostaíocht/ a shroicheann deireadh a gconartha/ a théann ar scor laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana inar fabhraíodh an tsaoire bhliantúuil sin, a bheith i dteideal íocaíochta in ionad na saoire sin, fad is nach dtéann siad ar aghaidh díreach chuig post eile atá maoinithe ag an Oireachtas sa Stát seo.

Tá sonraí iomlána faoin leasú seo ar fáil in Alt 86(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Tabhair faoi deara go mbeidh tabhairt anonn na saoire bliantúla srianta do theidlíocht reachtúil agus déanfar tréimhsí ábhartha dúnadh scoile a áireamh le freastal ar aon fhabhrú saoire bhliantúil dá leithéid.

## 19. Stádas le linn Saoire

19.1 Tá neamhláithreacht ar shaoire bhreoiteachta íoctha (pá iomlán nó leathphá) ináirithe go hiomlán do gach críoch, lena n-áirítear sinsearacht, breithniú cearta painéil srl. Níl neamhláithreacht ar TRR ináirithe chun críocha aoisliúntais ná incriminte.

## 20. Socruithe ÁSPC

20.1 I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, ní mór don scoil an Deimhniú Leasa Shóisialaigh MC1 a sheoladh chuig rannóg pá ábhartha na Roinne seo/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna tar éis tréimhse 6 lá leanúnacha de shaoire bhreoiteachta lena atreorú ag an rannóg párolla ábhartha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Éilítear é sin chun rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh.

## 21. Scor de bharr drochshláinte

21.1 D'fhéadfadh sé go mbeadh cúntóir riachtanais speisialta a mheastar a bheith neamhinniúil chun leanúint le dualgais san fhadtréimhse i dteideal sochair áirithe pinsin faoin Scéim Pinsin do chúntóirí riachtanais speisialta.

## 22. Cúntóir Riachtanais Speisialta atá ar saoire neamhláithreachta ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána.

22.1 Éileofar ar chúntóir riachtanais speisialta atá ar saoire neamhláithreachta fadtéarmach de chineál ar bith ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána dul faoi mheasúnú liachta agus a bheith measta ag an OHS a bheith inniúil go liachta sula bhfilltear ar obair.

## 23. Seoladh Comhfhreagrais

23.1 Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an gcúntóir riachtanais speisialta ag an seoladh ríomhphoist/baile is déanaí a cuireadh ar fáil. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir sa chás nach bhfaigheann an cúntóir riachtanais speisialta comhfhreagras den sórt sin. Ní chuirfear aon eolas a sholáthraíonn an cúntóir riachtanais speisialta ar fáil d'aon tríú páirtí agus ní bhainfear úsáid as ach amháin chun na críche ar cuireadh ar fáil é.

## 24. Comhlíonadh

24.1 Ní mór do gach cúntóir riachtanais speisialta/fostóir déanamh de réir na rialachán agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa chiorclán seo. Má mhainnítear déanamh de réir na rialachán agus nósanna imeachta déileálfar leis sin faoi nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe agus d'fhéadfaí deireadh a chur le tuarastal i gcás cúntóir riachtanais speisialta agus/nó clúdach ionaid a tharraingt siar i gcás scoileanna.

24.2 Tá sé i gceist ag an Roinn tabhairt faoi scrúduithe rialta ar thaifid saoire bhreoiteachta. Ní mór don fhostóir gach doiciméad a bhaineann le saoire bhreoiteachta (m.sh. deimhniú liachta, atreorú sláinte cheirde, doiciméid tacaíochta eile) a choinneáil leis na taifid phearsanra ábhartha.

## 25. Tuilleadh Eolais

25.1 De réir an ailt tosaigh tá na rialacháin atá sa chiorclán seo le cur i bhfeidhm ag an bhfostóir. Dá réir sin, ba chóir na ceisteanna ar fad a thabhairt ar aird an fhostóra i dtús báire agus d'fhéadfadh sé gur mian leo siúd dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíochta, agus d'fhéadfadh siadsan tuilleadh comhairle a fháil ón Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

**Aguisín A**

**Cás 1 – Gnáth-Thinneas**

Tá taifead saoire bhreoiteachta Sheáin mar a leanas:

| Ó | Go dtí | Uimh. Laethanta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Bealtaine 13 | 23 Bealtaine 13 | 12 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Méan Fomh 14 | 16 Samhain 14 | 77 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **89 lá** | |

Téann Séan ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 08 Deireadh Fómhair 2016 (8 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bliana – níor sroicheadh 92 lá saoire bhreoiteachta

Íocfar pá iomlán le Seán ar feadh 8 lá. Ag baint úsáid as an iarbhreithniú déach, ní raibh aon saoire bhreoiteachta de réir an athbhreithnithe bliana ar thaifead saoire bhreoiteachta siar go dtí 02 Deireadh Fómhair 2015. Dá bhrí sin tá sé i dteideal 8 lá ar phá iomlán.

**Cás 2 – Gnáth-Thinneas**

Tá taifead saoire bhreoiteachta Áine mar a leanas:

| Ó | Go dtí | Uimh. Laethanta | Mionsonraí |
|---|---|---|---|
| 10 Eanáir 13 | 23 Fea 13 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 02 Iúl 14 | 124 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **182 lá** | |

Téann Áine ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2016 (31 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bliana – níor sroicheadh 92 lá saoire bhreoiteachta

Íocfar pá iomlán le hÁine ar feadh 1 lá. Ag baint úsáid as an iarbhreithniú déach, bhí 182 lá

tógtha ag Áine cheana féin sa tréimhse rollach 4 bliana dá bhrí sin tá 1 lá saoire bhreoiteachta íoctha fanta. Mar nár thóg sí aon saoire bhreoiteachta sna 12 mhí go dtí 1 Deireadh Fómhair 2016, tá rochtain aici ar phá iomlán don lá sin. Má chomhlíonann Áine na critéir don TRR, beidh an 30 lá atá fanta á n-íoc ag an ráta sin.

**Cás 3 – Gnáth-Thinneas**

Tá saoire bhreoiteachta Sheosaimh mar a leanas:

| **Ó** | **Go dtí** | **Uimh. Laethanta** | **Mionsonraí** |
|---|---|---|---|
| 10 Samhain 12 | 22 Nollaig 12 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 04 Iúl 14 | 126 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **184 lá** | |

Téann Seosamh ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 31 Deireadh Fómhair 201 6(31 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – sroicheadh an 183 lá saoire bhreoiteachta

Mar gur sáraíodh an 183 lá sa tréimhse rollach 4 bliana, d'fhéadfadh sé go n-íocfaí TRR le Seosamh má chomhlíonann sé na critéir.

**Cás 4 – Tinneas Criticiúil**

Tá saoire bhreoiteachta Mháire mar a leanas:

| **Ó** | **Go dtí** | **Uimh. Laethanta** | **Mionsonraí** |
|---|---|---|---|
| 12 Samhain 13 | 23 Samhain 13 | 12 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 14 | 15 Nollaig 14 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **27 lá** | |

Téann Máire ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 30 Márta 2017 (181 lá).
Seolann Máire isteach iarratas le haghaidh tinneas criticiúil a cheadaítear.

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 365 lá saoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bliana – níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta

Íocfar pá iomlán le Máire don 181 lá mar gur ionann teorainneacha an iarbhreithnithe déach i gcás tinneas criticiúil agus 365 lá chun cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil rochtain ag an gcúntóir riachtanais speisialta ar shaoire bhreoiteachta íoctha agus 183 lá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta pá.

**Cás 5 – Tinneas Criticiúil**

Tá saoire bhreoiteachta Eoin mar a leanas:

| **Ó** | **Go dtí** | **Uimh. Laethanta** | **Mionsonraí** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| 12 Bealtaine 13 | 23 Meitheamh 13 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 20 Meitheamh 14 | 112 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **170 lá** | |

Téann Eoin ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 30 Aibreán 2016 (212 lá). Seolann Eoin isteach iarratas ar thinneas criticiúil agus ceadaítear é.

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 365 lá saoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bliana – níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta

Tá 170 lá ag Eoin cheana féin sula gcuireann sé tús leis an tsaoire seo sa tréimhse rollach 4 bliana agus níl aon saoire bhreoiteachta aige i mbliain rollach 1 siar go dtí Deireadh Fómhair 2015; dá bhrí sin íocfar 183 lá leis ar phá iomlán. Tugann sé sin líon na saoire breoiteachta go dtí 353 lá sa 4 bliana. Ansin beidh 12 lá fanta aige ar leathphá, agus má tá sé incháilithe an 17 lá deiridh ag TRR.

**Aguisín B**

**<u>Cás 1 (PRSL) (roimh MF 14) Socrú Idirlinne (S.I.)</u>**

Tá taifead saoire bhreoiteachta mar a leanas ag Máire:

| **Ó** | **GO** | **Uimh Laethanta** | **Sonraí** |
|---|---|---|---|
| 01 DF 2012 | 31 Ean 2013 | 123 | Saoire Bhreoiteachta a bhain le Toircheas |
| 08 Nol 2013 | 15 Nol 2013 | 8 | Tinneas Deimhnithe |
| 03 Már 2014 | 05 Bea 2014 | 64 | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **195** | |

Téann Máire ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 MF 2015 go dtí 30 MF 2015 (30 lá).

- Ag breathnú siar thar 4 bliana - 183 lá sáraithe
    - PRSL SI - lascainiú ar gach PRSL roimh thiomsú na scéime
    - Iomlán Nua 4 bliana (neamh PRSL) = 72 (195 - 123)
- Ag breathnú siar thar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta
- Ag breathnú siar thar 1 bhliain amháin - níor sroicheadh 92 lá de shaoire bhreoiteachta

Íocfar pá iomlán le Máire don 30 lá. Ar 01 MF 2015 tá taifead 72 lá de shaoire bhreoiteachta (lúide PRSL ábhartha) ag Máire in 4 bliana / 0 lá in 1 bhliain. Fanann an neamhláithreacht 30 lá i MF 2015 faoin dá thairseach iarbhreithnithe dhéacha, agus dá bhrí sin tá Máire i dteideal lánphá breoiteachta don neamhláithreacht 30 lá.

**<u>Cás 2 (PRSL) (Iar-MF 14) Socrú Leantach</u>**

Mar a luaitear i Rialachán 20 de Bhainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta):

Cuirfear gach neamhláithreacht faoin scéim reatha saoire bhreoiteachta chun sochair ag leathráta pá *laistigh de na gnáth-theorainneacha saoire bhreoiteachta*.

Níl Rialachán 20 **IOMCHAÍ ACH I GCÁS**:

- Go bhfuil a dtairseachle haghaidh saoire bhreoiteachta íoctha (183 nó 365 lá) 4 bliana sroichte ag CRS.
- Nuair nach neamhláithreacht dheimhnithe PRSL í an neamhláithreacht reatha.
- Go bhfuil neamhláithreacht dheimhnithe PRSL cheana féin ag an CRS tar éis 1 Meán Fómhair 2014.

Tá an taifead saoire bhreoiteachta seo a leanas ag Rachel:

| Ó | GO | Líon Laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 15 Fea 2013 | 19 Fea 2013 | 5 | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Sam 2013 | 31 Már 2014 | 151 | Tinneas Deimhnithe |
| 20 Bea 2013 | 20 Bea 2013 | 1 | Saoire Bhreoiteachta Fhéin-Deimhnithe |
| 01 DF 2014 | 01 Sam 2014 | 32 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas |
| 02 Sam 2014 | 01 Nol 2014 | 30 | Saoire Bhreoiteachta a bhaineann le Toircheas Leathphá |
| | **IOMLÁN** | **219** | |

Téann Rachel ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Ean 2016 go 29 Fea 2016 (60 lá).

- Ag breathnú siar thar 4 bliana tá 183 lá sáraithe
    - Socrú Leantach PRSL - Gach PRSL curtha chun sochair ag leathphá (laistigh de ghnáth- theorainneacha saoire bhreoiteachta)
    - Iomlán nua 4 Bliana (neamh - PRSL) = 157 (219 - 62)
- Ag breathnú siar thar 4 bliana níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta (iarmhéid 26 lá)
- Iarbhreithniú 1 bhliain neamhábhartha mar gur socrú LEATHPHÁ amháin an saoire bhreoiteachta íoctha faoin socrú seo.

Íocfar leathphá le Rachel ar son 26 lá ag tabhairt iomlán a saoire bhreoiteachta neamh-PRSL go 183 lá in 4 bliana. Íocfar iarmhéid na neamhláithreachta seo (34 lá) (faoi réir ag na critéirí teidlíochta cuí) ag Luach Saothar Sealadach Athshlánúcháin.